Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15968/23**

**ENT 254**
**MI 1037**
**COMPET 1173**
**IND 625**
**DELACT 188**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 7206 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 16.11.2023<br>lena leasaítear Treoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na modhanna chun torann aeriompartha a astaítear ó threalamh atá le húsáid lasmuigh a thomhas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 7206 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 7206 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.11.2023
C(2023) 7206 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

## an 16.11.2023

## lena leasaítear Treoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na modhanna chun torann aeriompartha a astaítear ó threalamh atá le húsáid lasmuigh a thomhas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN RIALACHÁIN THARMLIGTHE

Glacadh Treoir 2000/14/CE maidir le hastaíocht torainn lasmuigh[1] ('an Treoir') an 8 Bealtaine 2000 agus tháinig sí i bhfeidhm an 3 Eanáir 2002. Tugadh isteach creat dlíthiúil an Aontais maidir le hastaíocht torainn ó threalamh lasmuigh trí sheacht dtreoir shonracha maidir le táirgí agus dhá threoir maidir le nósanna imeachta tástála a chumasc[2].

Bunaítear leis an Treoir an creat dlíthiúil chun rialacha agus nósanna imeachta a bhaineann le hastaíocht torainn sa chomhshaol a chomhchuibhiú maidir le trealamh atá le húsáid lasmuigh agus a chuirtear ar mhargadh an Aontais. Is é is aidhm dó sláinte an duine agus folláine na saoránach a chosaint chomh maith leis an gcomhshaol a chosaint, trí astaíochtaí torainn ó threalamh atá le húsáid lasmuigh a laghdú, agus rannchuidiú le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, trí cheanglais maidir le trealamh lasmuigh a chomhchuibhiú i ndáil le hastaíocht torainn chun bacainní ar shaorghluaiseacht trealaimh den sórt sin a chosc.

Is reachtaíocht 'Seanchur Chuige' í an Treoir. Forordaítear leis ceanglais theicniúla agus sonraíochtaí teicniúla (lena n-áirítear tagairtí do chaighdeáin), atá éagsúil leis an reachtaíocht maidir le 'Cur Chuige Nua' lena leagtar síos ceanglais fhíor-riachtanacha ghinearálta agus lena bhfágtar faoi lánrogha an mhonaróra úsáid sonraíochtaí teicniúla. Go háirithe, leagtar

[1] Treoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh le húsáid lasmuigh (IO L 162, 3.7.2000, lch. 1), arna leasú le Treoir 2005/88/CE (IO L 344, 27.12.2005, lch. 44), le Rialachán (CE) Uimh. 219/2009 (IO L 87, 31.3.2009, lch. 109), agus le Rialachán (AE) 2019/1243 (IO L 198, 25.7.2019); arna cheartú le Corrigendum (IO L 165, 17.6.2006, lch. 35 (2005/88/CE)). Téacs bunaidh: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:32005L0088; téacs comhdhlúite: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:02000L0014-20190726. Leathanach gréasáin earnála an Choimisiúin maidir le hAstaíocht Torainn ó Threalamh Lasmuigh: https://ec.europa.eu/growth/sectors/mechanical-engineering/noise-emissions_ga

[2] Treoir 79/113/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hastaíocht torainn ó ghléasra agus trealamh tógála (IO L 33, 8.2.1979, lch. 15;

Treoir 84/532/CEE ón gComhairle an 17 Meán Fómhair 1984 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forálacha coiteanna maidir le gléasra agus trealamh tógála (IO L 300, 19.11.1984, lch. 111);

Treoir 84/533/CEE ón gComhairle an 17 Meán Fómhair 1984 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le leibhéal incheadaithe cumhachta fuaime na gcomhbhrúiteoirí (IO L 300, 19.11.1984, lch. 123);

Treoir 84/534/CEE ón gComhairle an 17 Meán Fómhair 1984 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le leibhéal incheadaithe cumhachta fuaime na gcraenacha túir (IO L 300, 19.11.1984, lch. 130);

Treoir 84/535/CEE ón gComhairle an 17 Meán Fómhair 1984 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le leibhéal cumhachta fuaime is incheadaithe na ngineadóirí táthúcháin (IO L 300, 19.11.1984, lch. 142);

Treoir 84/536/CEE ón gComhairle an 17 Meán Fómhair 1984 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le leibhéal cumhachta fuaime is incheadaithe na ngineadóirí cumhachta (IO L 300, 19.11.1984, lch. 149);

Treoir 84/537/CEE ón gComhairle an 17 Meán Fómhair 1984 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le leibhéal incheadaithe cumhachta fuaime na mbristeoirí coincréite cumhachtaithe láimhe agus na mbioranna (IO L 300, 19.11.1984, lch. 156);

Treoir 84/538/CEE ón gComhairle an 17 Meán Fómhair 1984 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le leibhéal cumhachta fuaime is incheadaithe na lomairí faiche (IO L 300, 19.11.1984, lch. 171);

Treoir 86/662/CEE ón gComhairle an 22 Nollaig 1986 maidir le torann a astaítear ó thochaltóirí hiodrálacha, tochaltóirí rópa-oibrithe, scartairí, lódairí agus lódairí tochaltóra a theorannú (IO L 384, 31.12.1986, lch. 1).

amach sa Treoir teorainneacha comhchuibhithe torainn le haghaidh liosta uileghabhálach trealaimh, modhanna mionsonraithe chun leibhéil torainn trealaimh lasmuigh, nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus ceanglais mharcála a thomhas.

In Iarscríbhinn III, arb í leath de théacs na Treorach í, tá tuairisc ar na modhanna tomhais torainn is gá don tionscal a chomhlíonadh chun trealamh lasmuigh a dhearadh agus chun measúnú comhréireachta a dhéanamh air. Tá na modhanna sin as dáta faoi láthair agus leis an togra seo d'fhéadfaí an chuid shuntasach sin den Treoir a thabhairt i gcomhréir leis an dul chun cinn teicniúil agus shimpleodh sé obair na monaróirí agus na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra trí úsáid a bhaint as an leagan atá ar fáil faoi láthair de na caighdeáin a glacadh faoi Threoir 2006/42/CE maidir le hinnealra[3] ('an Treoir maidir le hInnealra'). Ina theannta sin, leis na tomhais torainn nua, shocrófaí bonn níos láidre chun na teorainneacha torainn a nuashonrú trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir amach anseo.

Is toradh é an togra seo ar chumhacht an Choimisiúin, de réir Airteagal 18a den Treoir, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinn III chun é a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus tá sé bunaithe ar chonclúidí na meastóireachta REFIT ar an Treoir[4] a foilsíodh an 16 Samhain 2020, tar éis dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le hAstaíocht maidir le Torann Lasmuigh[5] ('an grúpa saineolaithe').

Comhlánaíonn an Treoir ceanglais na Treorach maidir le hInnealra i ndáil le hastaíochtaí torainn aeriompartha. 55 as na 57 gcatagóir threalaimh a chumhdaítear leis an Treoir, tagann siad faoi raon feidhme na Treorach maidir le hInnealra freisin. Cloíonn an Treoir maidir le hInnealra leis an teicníc reachtach 'Cur Chuige Nua', ina mbíonn toimhde chomhréireachta leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta chun tairbhe monaróirí a chuireann na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha i bhfeidhm. De réir Iarscríbhinn I, roinn 1.7.4.2 (u), d'fhéadfadh monaróirí úsáid a bhaint freisin as na modhanna a shonraítear sna caighdeáin chomhchuibhithe chun torann aeriompartha a thomhas mura léirítear a mhalairt i dTreoracha eile de chuid an Aontais, arb í an Treoir maidir le Torann Lasmuigh í i gcás na 55 chatagóir threalaimh sin. Mar sin féin, tá na modhanna tomhais torainn a leagtar síos in Iarscríbhinn III den Treoir as dáta go minic toisc nár athbhreithníodh Iarscríbhinn III ón uair a glacadh an Treoir.

Tá an obair leantach ar an meastóireacht ar an Treoir maidir le Torann Lasmuigh san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú faoi Chlár Suaitheanta 2, le haghaidh na mblianta 2022-2023, i gcomhréir le straitéis an Aontais chun torann a laghdú ag an bhfoinse agus le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 16 Samhain 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún meastóireacht REFIT ar an Treoir[6].

---

3 Treoir 2000/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24-86), arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 596/2009 (IO L 188, 18.7.2009, lch. 14), le Treoir 2009/127/CE (IO L 310, 25.11.2009, lch. 29), le Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 (IO L 60, 2.3.2013, lch. 1), le Treoir 2014/33/AE (IO L 96, 29.3.2014, lch. 251) agus le Rialachán (AE) 2019/1243 (IO L 198, 25.7.2019); arna cheartú le Corrigendum (IO L 076, 16.3.2007, lch. 35 (2006/42/CE)). Téacs bunaidh: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32006L0042; an téacs comhdhlúite: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A02006L0042-20190726.

4 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM:2020:715:FIN

5 https://ec.europa.eu/transparency/expert–groups-register/screen/expert–groups/consult?lang=ga&groupID=3673

6 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM:2020:715:FIN

Ba é conclúid fhoriomlán na meastóireachta go meastar go ginearálta go bhfuil an Treoir éifeachtach, éifeachtúil, ábhartha agus comhleanúnach, agus go bhfuil breisluach AE ag gabháil léi. Ba í an Treoir an príomhfhórsa a spreag laghdú ar astaíochtaí torainn le haghaidh trealamh lasmuigh, agus is í an fórsa sin go fóill.

Mar sin féin, sainaithníodh sa mheasóireacht roinnt saincheisteanna a rinne difear d'oibriú na Treorach: raon feidhme, teorainneacha torainn, modhanna tomhais torainn, nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, bailiú sonraí torainn agus ailíniú leis an gCreat Reachtach Nua[7], agus léirigh sé gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir nó cumhachtú an Choimisiúin a achtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na modhanna tomhais torainn a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil (Airteagal 18(a) den Treoir).

An 17 Márta 2021, chuir an Coimisiún torthaí na meastóireachta ar an Treoir faoi bhráid an ghrúpa saineolaithe. Chuir go leor de na comhlachais thionsclaíocha agus an comhlacht Eorpach um chaighdeánú in iúl go dtacaíonn siad leis an leasú ar Iarscríbhinn III trí ghníomh tarmligthe agus athbhreithniú iomlán ar an Treoir ina dhiaidh sin. Chuir líon an-laghdaithe comhlachas tionsclaíoch in iúl go dtacaíonn siad go díreach le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an Treoir. I dtosach báire, ba é an rogha dheiridh sin an rogha thosaíochta do go leor Ballstát, cé is moite de roinnt eisceachtaí, ach ar deireadh d'aontaigh siad leasú Iarscríbhinn III a shaothrú trí ghníomh tarmligthe ar dtús, agus ar choinníoll go leanfadh an t-athbhreithniú ar an Treoir ina dhiaidh sin é.

Cé nach dtabharfar aghaidh ar na fadhbanna go léir a aithníodh sa mheastóireacht le leasú Iarscríbhinn III trí ghníomh tarmligthe , i gcomparáid le hathbhreithniú iomlán ar an Treoir réiteoidh sé níos tapúla ceann de na saincheisteanna is criticiúla, arb é nuashonrú na modhanna tomhais torainn i gcomhréir leis an dul chun cinn teicniúil agus dá bhrí sin freisin i gcomhréir leis na caighdeáin a úsáidtear faoin Treoir maidir le hInnealra.

Pléadh an leasú ar Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear na Ballstáit, comhlachais thionsclaíocha, comhlachtaí dá dtugtar fógra, eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, agus saineolaithe aonair maidir le caighdeánú modhanna chun torann a thomhas.

Rinneadh an comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara tríd an ngrúpa saineolaithe le cabhair ón ardán comhoibríoch CIRCABC[8] le haghaidh cumarsáide agus dáileadh faisnéise agus doiciméad. Tháinig an grúpa saineolaithe le chéile ar thrí ócáid éagsúla chun modhnuithe ar Iarscríbhinn III a phlé.

D'aontaigh páirtithe leasmhara go forleathan leis na modhanna nua atá beartaithe chun torann a thomhas.

Ba é príomhábhar imní an ghrúpa saineolaithe go bhfuil baint ag glacadh an ghnímh tharmligthe leis an gcoinníoll nár cheart go mbeadh aon tionchar díreach ar thorthaí tomhaiste torainn i leith trealamh atá faoi réir teorainneacha torainn (Airteagal 12 den Treoir). Mar réamhshocrú, má athraíonn na modhanna tomhais torainn, d'fhéadfadh leibhéil torainn an trealaimh athrú freisin. Maidir le trealamh faoi Airteagal 12, d'fhéadfadh neamhchomhlíonadh féideartha na Treorach a bheith mar thoradh air sin má tá na luachanna

7 Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 ina leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30) agus Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 i ndáil le creat comhchoiteann maidir le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

8 https://circabc.europa.eu/ui/group/597bb16c-7f1d-48ea-9afe-3d5248208547

torainn nua níos airde ná na teorainneacha bunaithe torainn cé nár athraíodh an trealamh. Chun é sin a sheachaint, mhol an Coimisiún, i gcás na gcásanna sonracha sin, an deis a thabhairt do mhonaróirí na luachanna torainn arna dtomhas de réir na mbunmhodhanna a bunaíodh sa Treoir a dhearbhú, fad is nach ndéantar athbhreithniú ar na teorainneacha torainn a leagtar síos in Airteagal 12.

Pointe eile a pléadh go mion le linn chruinnithe uile an ghrúpa saineolaithe ná an mhodheolaíocht chun an fachtóir neamhchinnteachta a ríomh, rud nach raibh san áireamh sa Treoir. Mar gheall ar an easpa dul chun cinn san fhóram um chaighdeánú ar an ábhar sin, níorbh fhéidir modheolaíocht ar an ábhar sin a chur san áireamh.

Chun meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir, úsáideadh foinsí éagsúla sonraí, rinneadh comhairliúcháin éagsúla leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara sna meithleacha ábhartha, chomh maith le roinnt staidéar, chun faisnéis nuashonraithe a bhailiú maidir le feidhmíocht trealaimh atá i gceist agus chun féachaint an bhfuil gá le hathbhreithniú agus an fhéidearthacht go ndéanfaí é a athbhreithniú:

- an 'Staidéar ar an taithí ar chur chun feidhme agus ar riar Threoir 2000/14/CE maidir le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh atá le húsáid lasmuigh' (an staidéar 'NOMEVAL')[9] in 2007;
- an 'Measúnú tionchair ar roghanna beartais féideartha chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Torann ó Threalamh Lasmuigh' (staidéar 'ARCADIS') in 2009[10];
- an 'Staidéar ar chumasc na Treorach maidir le torann ó threalamh lasmuigh, 2000/14/CE, leis an Treoir maidir le hInnealra, 2006/42/CE' (an 'staidéar CEPS') in 2013[11];
- an 'Staidéar ar oiriúnacht raon feidhme agus theorainnluachanna Threoir 2000/14/CE maidir le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh atá le húsáid lasmuigh' (an staidéar 'ODELIA')[12] in 2015-2016;
- an 'Staidéar tacaíochta maidir le meastóireacht[13] agus measúnú tionchair[14] ar Threoir 2000/14/CE maidir le hastaíocht torainn ó threalamh lasmuigh' ('staidéar VVA') in 2017-2018.

Bhí an fhaisnéis faoi na modhanna tomhais torainn a bailíodh le linn na meastóireachta ar an Treoir, go háirithe an fhaisnéis a áirítear sa staidéar NOMEVAL, staidéar ODELIA, na tuairimí arna dtíolacadh ag na páirtithe leasmhara, agus na caighdeáin reatha lena n-áirítear modhanna tomhais torainn arna sainaithint do gach catagóir threalaimh, mar bhonn chun an gníomh tarmligthe a ullmhú. Rinneadh na barúlacha agus na páipéir seasaimh uile a fuarthas ó na páirtithe leasmhara éagsúla le linn phróiseas ullmhúcháin an ghnímh tharmligthe seo a dháileadh ar chomhaltaí uile an ghrúpa saineolaithe trí CIRCABC agus pléadh iad le linn chruinnithe an ghrúpa saineolaithe.

9 https://ec.europa.eu/docsroom/documents/1639
10 https://ec.europa.eu/docsroom/documents/1635
11 https://ec.europa.eu/docsroom/documents/4985
12 https://ec.europa.eu/docsroom/documents/18281
13 https://op.europa.eu/en/web/eu-law-and-publications/publication–detail/-/publication/90f4d795-e192-11e8-b690-01aa75ed71a1
14 https://op.europa.eu/en/web/eu-law-and-publications/publication–detail/-/publication/69de2e48-e17d-11e8-b690-01aa75ed71a1

Níor mheas an Coimisiún gurbh ghá measúnú tionchair a dhéanamh ar an togra. Tá na modhnuithe a thugtar isteach leis an togra seo teoranta do mhodhanna tomhais torainn, atá in úsáid cheana féin ag monaróirí agus ag comhlachtaí dá dtugtar fógra, a ionadú le modhanna nua, gan aon ualach breise a thabhairt isteach. Dá bhrí sin, bheadh an tionchar eacnamaíoch teoranta don infheistíocht aonuaire a rinne na páirtithe leasmhara sin chun a saoráidí a chur in oiriúint do na modhanna nua agus chun tomhas torainn nua a dhéanamh i leith na samhlacha atá ann cheana ar an margadh. Ní mheastar go n-athróidh na samhlacha trealaimh a chuirtear ar an margadh mar thoradh ar na modhanna nua. Beidh ar mhonaróirí fós a gcuid meaisíní a dhearadh chun na hastaíochtaí torainn a choinneáil ar an leibhéal is ísle chun an Treoir maidir le hInnealra a chomhlíonadh mar a léirítear thuas. Dá bhrí sin, níltear ag súil le haon tionchar comhshaoil ná sóisialta.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN RIALACHÁIN THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don rialachán tarmligthe seo leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn III maidir le modh chun torann aeriompartha a astaítear ó threalamh atá le húsáid lasmuigh a thomhas chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil mar a leagtar amach in Airteagal 18(a).

Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 18(a) nach bhféadfaidh aon tionchar díreach a bheith ag an leasú ar leibhéal tomhaiste cumhachta fuaime an trealaimh a liostaítear i dtrealamh a bhfuil tuairisc air in Airteagal 12, go háirithe trí thagairtí do chaighdeáin Eorpacha ábhartha a chur san áireamh.

Ina theannta sin, féachann an rialachán tarmligthe le comhleanúnachas a bhaint amach leis an úrscothacht a léirítear sna caighdeáin chomhchuibhithe, ar tagairtí iad a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, lena dtugtar toimhde chomhréireachta le buncheanglas 1.7.4.2. (u) maidir le faisnéis faoi astaíochtaí torainn aeriompartha mar a leagtar amach sa Treoir maidir le hInnealra.

Is é an dáta atá beartaithe maidir le hinfheidhmeacht an rialacháin tharmligthe 24 mí tar éis a theacht i bhfeidhm, rud a fhágann nach ndéanfaidh an rialachán tarmligthe difear do threalamh a chuirtear ar mhargadh an Aontais roimh an dáta infheidhmeachta sin.

Níl aon impleacht ag an rialachán tarmligthe ó thaobh bhuiséad an Aontais de.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16.11.2023**

**lena leasaítear Treoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na modhanna chun torann aeriompartha a astaítear ó threalamh atá le húsáid lasmuigh a thomhas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh atá le húsáid lasmuigh[15], agus go háirithe Airteagal 18(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 4 de Threoir 2000/14/CE, áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear an trealamh dá dtagraítear in Airteagal 2(1) ar an margadh ná i seirbhís go dtí go n-áiritheoidh an monaróir nó a ionadaí údaraithe atá bunaithe san Aontas go mbeidh ar an trealamh tásc maidir leis an leibhéal cumhachta fuaime ráthaithe, a chinnfear de bhun Airteagal 3(f) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III.

(2) De bhun Roinn 1.5.8, an dara mír, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh monaróirí measúnú ar leibhéal na n-astaíochtaí torainn ó mheaisíní. De bhun Roinn 1.7.4.2, pointe (u) den Iarscríbhinn sin, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh monaróirí faisnéis ar fáil maidir le hastaíochtaí aeriompartha torainn, lena n-áireofar faisnéis faoin modh a úsáidfear chun torann aeriompartha a thomhas, ar cheart dó a bheith ar an modh is iomchuí don innealra nuair nach gcuirtear caighdeáin chomhchuibhithe i bhfeidhm, ach amháin má shonraítear an modh i reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus má tá sé éigeantach an modh sin a úsáid, arb é sin an cás i gcás Threoir 2000/14/CE. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar mhonaróirí trealaimh a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/42/CE agus Threoir 2000/14/CE astaíochtaí torainn trealaimh den sórt sin a thomhas i gcomhréir leis na modhanna a bhunaítear i dTreoir 2000/14/CE.

(3) Tá Tábla in Airteagal 12 de Threoir 2000/14/CE ina leagtar síos an leibhéal cumhachta fuaime is incheadaithe i dtrealamh atá le húsáid lasmuigh. Nuashonraíodh an Tábla trí bhíthin Threoir 2005/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17]. Ní dhearnadh na modhanna chun torann a thomhas, a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2000/14/CE, a nuashonrú ón uair a glacadh í. Is

15 IO L 162, 3.7.2000, lch. 1.

16 Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (athmhúnlú) (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).

17 Treoir 2005/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 lena leasaítear Treoir 2000/14/CE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh atá le húsáid lasmuigh (IO L 344, 27.12.2005, lch. 44).

gá, dá bhrí sin, na modhanna sin a thabhairt i gcomhréir leis an dul chun cinn teicniúil agus leis an dul chun cinn maidir le caighdeánú Eorpach.

(4) D'fhéadfadh coinníollacha nó teorainneacha difriúla a bheith ag modhanna tomhais éagsúla, ar coinníollacha nó teorainneacha iad a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an leibhéal cumhachta fuaime ríofa. Bunaíodh na leibhéil chumhachta fuaime is incheadaithe in Airteagal 12 de Threoir 2000/14/CE trí úsáid a bhaint as na modhanna tomhais a glacadh sa bhliain 2000. Má dhéantar leibhéil chumhachta fuaime ráthaithe an trealaimh a liostaítear in Airteagal 12 a ríomh i gcomhréir leis na modhanna nua tomhais, agus mura ndearnadh na leibhéil chumhachta fuaime is incheadaithe a nuashonrú dá réir sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an dá luach torainn go hiomlán inchomparáide agus d'fhéadfadh athrú ar chomhréireacht an trealaimh a bheith mar thoradh ar an athrú ar an leibhéal cumhachta fuaime ráthaithe ríofa mar gheall ar athrú ar an modh tomhais torainn. I gcás ina dtagann amhras chun cinn faoi chomhréireacht trealaimh mar gheall ar athrú ar na modhanna tomhais torainn, is gá, dá bhrí sin, ar mhaithe le hinchomparáideacht, foráil a dhéanamh maidir leis na leibhéil chumhachta fuaime a ríomh trí úsáid a bhaint as na modhanna tomhais céanna a úsáidtear chun na leibhéil chumhachta fuaime is incheadaithe a chinneadh.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2000/14/CE a leasú dá réir.

(6) Is gá dóthain ama a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha chun iad féin a chur in oiriúint do na ceanglais nua. Ba cheart, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe seo a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2000/14/CE.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*Nóta d'Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta - […] 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16.11.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*